Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9590/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0147(NLE)**

**ECOFIN 636**
**UEM 185**
**FIN 598**
***ECB***
***EIB***

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta[1], agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

[1] IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis don Pholainn an plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ('an plean') a chur isteach an 3 Bealtaine 2021, mhol an Coimisiún a mheasúnú dearfach don Chomhairle. An 17 Meitheamh 2022, d'fhormheas an Chomhairle an measúnú dearfach trí bhíthin chinneadh cur chun feidhme ('Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022')[2]. Leasaíodh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 le cinntí cur chun feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023[3] agus an 16 Iúil 2024[4].

(2) An 30 Eanáir 2025, rinne an Pholainn iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh i ngeall ar imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an bPolainn.

***Leasuithe bunaithe ar Airteagal 21 de Rialachán (AE) 2021/241***

(3) Na leasuithe ar an bplean a chuir an Pholainn isteach i ngeall ar imthosca oibiachtúla, baineann siad le 42 bheart.

---

[2] Féach doiciméid ST 9728/22 agus ST 9728/22 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[3] Féach doiciméid ST 15835/23 REV1 agus ST 15835/23 ADD 1 ag http://register.consilium.europa.eu.

[4] Féach doiciméid ST11805/24 agus ST 11805/24 ADD1 ag http://register.consilium.europa.eu.

(4) Mhínigh an Pholainn go bhfuil leasú déanta ar 11 bheart chun roghanna malartacha níos fearr a chur chun feidhme ar mhaithe le huaillmhian bhunaidh an bhirt a bhaint amach. baineann sé sin le beart A1.3.1 (An t-athchóiriú ar phleanáil úsáide talún a chur chun feidhme), cloch mhíle A68G de bheart A4.5 (Síneadh a chur le gairmréimeanna agus obair tar éis na haoise scoir reachtúla a chur chun cinn), cloch mhíle A71G de bheart A4.7 (Teorainn a chur le deighilt an mhargaidh saothair) faoi chomhchuid A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); clocha míle B4L agus B6L de bheart B2.3 (Tacaíocht d'infheistíocht i bhfeirmeacha gaoithe amach ón gcósta) faoi chomhchuid B (Fuinneamh glas agus laghdú déine fuinnimh); spriocanna C14G agus C15G de bheart C2.1.2 (Cothromaíocht iomaíochta do scoileanna a bhfuil léasanna ilmheán soghluaiste acu) agus spriocanna C12L agus C13L de bheart C2.2.1 (Gairis agus bonneagar TFC leordhóthanach a thabhairt do scoileanna/institiúidí) faoi chomhchuid C (An tAistriú Digiteach); spriocanna E4aG agus E4cG de bheart E1.1 (Méadú ar úsáid iompair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol), cloch mhíle E17G de bheart E2.1.1 (Línte iarnróid), spriocanna E24G agus E25G de bheart E2.2.1 (Infheistíochtaí sa tsábháilteacht iompair) agus sprioc E10L de bheart E3.1.1 (Saoráid chun tacú le geilleagar ísealcharbóin) faoi chomhchuid E (Soghluaisteacht ghlas, chliste); agus cloch mhíle G23G agus sprioc G24G de bheart G1.2.4 (Líonraí dáileacháin leictreachais a thógáil nó a nuachóiriú) faoi Chomhchuid G (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn na bearta thuasluaite a leasú. Thairis sin, d'iarr an Pholainn clocha míle nua A72G agus B6aL a chur isteach. Thairis sin, d'iarr an Pholainn cloch mhíle E4bG a bhaint. Thairis sin, d'iarr an Pholainn síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme chlocha míle E4aG agus A71G. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(5) Mhínigh an Pholainn go ndearnadh 19 mbeart a leasú chun rogha mhalartach níos fearr a chur chun feidhme lenar féidir an t-ualach riaracháin a laghdú agus cuspóirí na mbeart lena mbaineann á mbaint amach an tráth céanna. Faoi chomhchuid A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair), baineann sé sin le cloch mhíle A30G de bheart A2.2 (Na dálaí a chruthú don aistriú chuig samhail gheilleagair chiorclaigh), clocha míle A41G, A42G agus A43G de bheart A3.1 (Lucht saothair don gheilleagar nua-aimseartha: feabhas a chur ar mheaitseáil scileanna agus cáilíochtaí le riachtanais an mhargaidh saothair), spriocanna A44G, A45G, A46G, A47G, A48G agus A50G de bheart A3.1.1 (Infheistíochtaí sa ghairmoiliúint nua-aimseartha, san ardoideachas agus san fhoghlaim ar feadh an tsaoil), cloch mhíle A51G de bheart A4.1 (Institiúidí éifeachtacha don mhargadh saothair), cloch mhíle A57G agus A58G de bheart A4.2 (Athchóiriú chun staid mhargadh saothair na dtuismitheoirí a fheabhsú trí rochtain ar chúram leanaí ar ardchaighdeán a mhéadú suas go dtí trí bliana d’aois), agus cloch mhíle A69G de bheart A4.6 (Rannpháirtíocht grúpaí áirithe sa mhargadh saothair a mhéadú trí chúram fadtéarmach a fhorbairt). Faoi chomhchuid B (Fuinneamh glas agus laghdú déine fuinnimh), baineann sé sin le clocha míle B8G agus B10G de bheart B1.1.2 (Foinsí teasa a athsholáthar agus éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh chónaithe aonteaghlaigh), spriocanna B42G agus B43G de bheart B1.1.5 (Éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú i bhfoirgnimh chónaithe il-árasán), cloch mhíle B17G de bheart B2.1 (Feabhas a chur ar na coinníollacha chun teicneolaíochtaí hidrigine agus gáis dhícharbónaithe eile a fhorbairt), agus cloch mhíle B24L de bheart B3.4 (Creat cumasúcháin le haghaidh infheistíochtaí aistrithe ghlais i limistéir uirbeacha). Faoi chomhchuid C (An tAistriú Digiteach), baineann sé sin le cloch mhíle C3L de bheart C1.2 (An leibhéal inrochtaineachta agus úsáide cumarsáide nua-aimseartha le sreang agus gan sreang le haghaidh riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha a mhéadú).

Faoi chomhchuid D (Éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chórais sláinte, baineann sé sin le  cloch mhíle D10aG agus sprioc D13G de bheart D1.1.1 (An bonneagar d'ionaid ardspeisialaithe cúraim agus soláthraithe cúraim sláinte eile a fhorbairt agus a nuachóiriú), agus clocha míle agus spriocanna D38G, D39G agus D40G de bheart D4.1.1 (Cúram fadtéarmach a fhorbairt trí bhonneagar eintiteas leighis a nuachóiriú ar leibhéal ceantair). Faoi chomhchuid E (Soghluaisteacht ghlas, chliste), baineann sé sin le cloch mhíle E1L de bheart E1.2 (An sciar d'iompar astaíochtaí nialasacha agus ísle a mhéadú, tionchar diúltach an iompair ar an gcomhshaol a chosc agus a laghdú), beart E2.1 (Iomaíochas na hearnála iarnróid a fheabhsú) agus cloch mhíle E6L de bheart E2.3 (Inrochtaineacht iompair, slándáil agus réitigh dhigiteacha a fheabhsú). Faoi chomhchuid F (Feabhas a chur ar cháilíocht na n institiúidí agus ar na coinníollacha chun an RRP a chur chun feidhme), baineann sé sin le cloch mhíle F8G de bheart F3.1 (Feabhas a chur ar na dálaí le haghaidh chur chun feidhme an phlean). Faoi chomhchuid G (REPowerEU), baineann sé sin le cloch mhíle G2G de bheart G1.1.2 (Suiteálacha foinsí fuinnimh in-athnuaite arna gcur chun feidhme ag pobail fuinnimh, lena n-áirítear cuid mhéadaithe) agus clocha míle G20L, G21L agus G23L de bheart G3.2.1 (Bonneagar gáis nádúrtha a thógáil chun slándáil fuinnimh a áirithiú). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn na bearta thuasluaite a leasú, d'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú. Thairis sin, d'iarr an Pholainn an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le spriocanna B42G agus B43G a laghdú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(6) Mhínigh an Pholainn go bhfuil trí bheart nach féidir a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh toisc nach bhfuil líon dóthanach iarratas incháilithe ann. Faoi chomhpháirt A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair), baineann sé sin le spriocanna A25G agus A26G de bheart A1.4.1 (Infheistíochtaí chun slabhra soláthair táirgí talmhaíochta agus bia a éagsúlú agus a ghiorrú agus athléimneacht na n-eintiteas sa slabhra a chothú). Faoi chomhchuid B (Fuinneamh glas agus laghdú déine fuinnimh), baineann sé sin le sprioc B3L de bheart B1.2.1 (Éifeachtúlacht fuinnimh agus foinsí fuinnimh in-athnuaite i gcuideachtaí – infheistíochtaí ag a bhfuil an cumas is mó gás ceaptha teasa a laghdú). Faoi chomhchuid C (An tAistriú Digiteach), baineann sé sin le spriocanna C19G agus C20G de bheart C2.1.3 (R-inniúlachtaí). Ar an mbonn sin, d’iarr an Pholainn na bearta sin a leasú. Thairis sin, d’iarr an Pholainn an leibhéal cur chun feidhme is gá maidir le spriocanna A26G, B3L agus C19G a laghdú. Ar deireadh, d’iarr an Pholainn leibhéal cur chun feidhme sprioc A25G a mhéadú. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(7) Mhínigh an Pholainn go bhfuil ceithre bheart ann nach féidir a bhaint amach ná a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh, mar gheall ar dheacrachtaí teicniúla gan choinne a bhí ina gcúis le moilleanna suntasacha ar an gcur chun feidhme, rud a imríonn tionchar ar na clocha míle agus na spriocanna a bhaint amach go hiomlán ina bhformáid bhunaidh. Baineann sé sin le spriocanna B18G agus B19G de bheart B2.1.1 (Infheistíocht i hidrigin, monarú, stóráil agus iompar hidrigine) faoi chomhchuid B (Fuinneamh glas agus laghdú déine fuinnimh); agus sprioc C6aG de bheart C1.1.1 (Rochtain ar idirlíon an-ardluais i spotaí bána a áirithiú), sprioc C24G agus C25G de bheart C3.1.1 (Cibearshlándáil – CibearPL, bonneagar próiseála sonraí agus optamaithe bhonneagar na seirbhísí forfheidhmithe dlí), clocha míle C15L, C16L agus C18L, agus sprioc C17L de bheart C4.1.1 (Tacaíocht d'ardchlaochlú digiteach) faoi chomhchuid C (An tAistriú Digiteach). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn na bearta sin a leasú, . Thairis sin, d'iarr an Pholainn síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme cloch mhíle C24G, sprioc C25G, cloch mhíle C16L, sprioc C17L, sprioc C6aG agus cloch mhíle C18L agus spriocanna B18G agus B19G a bhaint. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(8) Mhínigh an Pholainn nach féidir clocha míle D1G, D5G agus D8G de bheart D1.1 (Feabhas a chur ar éifeachtacht, inrochtaineacht agus cáilíocht na seirbhísí sláinte) faoi chomhchuid D (Éifeachtúlacht, inrochtaineacht agus cáilíocht an chórais sláinte) a bhaint amach ina n-iomláine a thuilleadh mar gheall ar dheacrachtaí dlíthiúla gan choinne a bhí ina gcúis le moilleanna suntasacha ar an gcur chun feidhme, rud a imríonn tionchar ar an gcumas na clocha míle a bhaint amach go hiomlán ina bhformáid bhunaidh. Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn na tuairiscí ar na bearta a leasú, lena n-áirítear an tuairisc ar chlocha míle D1G, D5G agus D8G. Thairis sin, d'iarr an Pholainn síneadh a chur le hamlíne chur chun feidhme chlocha míle D1G agus D5G. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(9) Tar éis bhaint na mbeart nó laghdú ar leibhéal a gcur chun feidhme agus/nó costáil *ex-ante* laghdaithe, d'iarr an Pholainn úsáid a bhaint as na hacmhainní a saoradh trí na bearta a bhaint agus leibhéal a gcur chun feidhme a laghdú chun dhá bheart nua a chur leis agus leibhéal cur chun feidhme dhá bheart a mhéadú. Baineann sé sin le cloch mhíle A73G agus sprioc A74G de bheart A5.1 (Rannchuidiú le hUrrann an Bhallstáit faoi chlár InvestEU) agus clocha míle A12L, A13L agus A14L de bheart A2.7.1 (Instealladh cothromais sa Chiste Slándála agus Cosanta) faoi chomhchuid A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair); spriocanna B12G agus B13G de bheart B1.1.3 (Nuachóiriú teirmeach ar institiúidí oideachais) faoi chomhchuid B (Fuinneamh glas agus laghdú déine fuinnimh), agus cloch mhíle G15L de bheart G3.1.4 (Tacaíocht don chóras náisiúnta fuinnimh (an Ciste Tacaíochta Fuinnimh)) faoi chomhchuid G (REPowerEU). Ar an mbonn sin, d'iarr an Pholainn bearta B1.1.3 agus G3.1.4 a leasú, chun an leibhéal cur chun feidhme is gá ina leith a mhéadú agus chun bearta nua A5.1 agus A2.7.1 a thabhairt isteach. Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

(10) Measann an Coimisiún, leis na cúiseanna arna gcur chun cinn ag an bPolainn, go bhfuil údar maith leis na leasuithe de bhun Airteagal 21(2) de Rialachán (AE) 2021/241.Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir.

***Dáileadh cloch míle agus spriocanna***

(11) Ba cheart dáileadh na gcloch míle agus na spriocanna i dtráthchodanna a leasú chun na leasuithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus an amlíne tháscach a chuir an Pholainn i láthair a chur san áireamh.

*Ceartúchán ar earráidí cléireachais*

(12) Sainaithníodh trí earráid chléireachais i dtéacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022, lena ndéantar difear do dhá chloch mhíle agus d'aon bheart amháin faoi dhá chomhchuid. Ba cheart an Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú chun na hearráidí cléireachais sin a cheartú, earráidí nach léiríonn ábhar an phlean a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin an 17 Meitheamh 2022, mar a comhaontaíodh idir an Coimisiún agus an Pholainn. Baineann na hearráidí cléireachais sin leis an tuairisc ar bheart B1.1 (Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh) agus cloch mhíle BG5 de bheart B1.1 (Aer glan agus éifeachtúlacht fuinnimh) faoi chomhchuid B (Fuinneamh glas agus laghdú déine fuinnimh). Thairis sin, baineann ceann de na hearráidí cléireachais sin le dearmad earráideach chloch mhíle A43G de bheart A3.1 (Lucht saothair don gheilleagar nua-aimseartha: feabhas a chur ar mheaitseáil scileanna agus cáilíochtaí le riachtanais an mhargaidh saothair) faoi chomhchuid A (Athléimneacht agus iomaíochas an gheilleagair) ó thábla 2.1.7 (An Seachtú Tráthchuid (tacaíocht neamh-inaisíoctha)) de Roinn 2 (Tacaíocht Airgeadais) don Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 16 Iúil 2024. Baineann an earráid chléireachais sin leis an bhfíoras gur scriosadh an chloch mhíle go hearráideach ón tábla lena mbaineann san athbhreithniú roimhe seo ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta. Ní dhéanann na ceartúcháin sin difear do chur chun feidhme na mbeart lena mbaineann.

*Measúnú ón gCoimisiún*

(13) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241.

*Rannchuidiú leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht*

(14) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.5 a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú glas, lena n-áirítear an bhithéagsúlacht, nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as sin. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí aeráide le méid arb é atá ann 41,39 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe agus 66,99 % de chostais mheasta iomlána na mbeart sa chaibidil REPowerEU, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2021/241, tá an plean leasaithe fós comhsheasmhach leis an bhfaisnéis atá sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide 2021-2030.

(15) Bíodh is nár chuir an Pholainn a Plean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide isteach faoin 30 Meitheamh 2024 i gcomhréir le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle[5], tá an plean leasaithe fós comhsheasmhach leis an bhfaisnéis a soláthraíodh sa Phlean Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide do na blianta 2021-2030 i mí na Nollag 2019. Níl tionchar ábhartha ag leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta ar a uaillmhian i leith an aistrithe aeráide. D’ainneoin an leasaithe ar cheithre bheart, leanann an plean leasuithe de bheith ag rannchuidiú go mór le maolú ar an athrú aeráide le hidirghabhálacha i dtáirgeadh agus dáileadh fuinnimh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, dícharbónú foirgneamh agus iompar astaíochtaí nialasacha.

---

[5] Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

(16) Níl tionchar suntasach ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú glas. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú aeráide an phlean leasaithe ó 44,96 % go 41,39 % i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

***Rannchuidiú leis an aistriú digiteach***

(17) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.6 a ghabhann leis, tá bearta sa phlean leasaithe a chuireann go mór (rátáil A) leis an aistriú digiteach nó le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin a eascraíonn as. Baineann na bearta a thacaíonn le cuspóirí digiteacha le méid arb é atá ann 20,39 % de leithdháileadh iomlán an phlean leasaithe, méid arna ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/241.

(18) Tá toradh an mheasúnaithe dhearfaigh ar an rannchuidiú leis an aistriú digiteach dá bhforáiltear le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 1 Iúil 2024 fós bailí. Níl tionchar ábhartha ag leasú an phlean téarnaimh agus athléimneachta ar a uaillmhian i leith an aistrithe dhigitigh. In ainneoin athdhearadh dhá bheart, leanann an plean leasaithe de bheith ag rannchuidiú go mór leis an aistriú digiteach le cur chuige trasearnálach, le hidirghabhálacha i ríomhsheirbhísí sa riarachán poiblí, digiteáil an oideachais, forbairt scileanna digiteacha, agus cibearshlándáil.

(19) Níl tionchar suntasach ag na bearta a baineadh nó a laghdaíodh ar uaillmhian fhoriomlán an phlean maidir leis an aistriú digiteach. Tá laghdú tagtha ar rannchuidiú digiteach an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe ó 21,28 % go 20,39 % i gcomparáid leis an measúnú leasaithe.

*Costáil*

(20) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (i), de Rialachán (AE) 2021/241 agus le hIarscríbhinn V, critéar 2.9 a ghabhann leis, an t-údar a thugtar sa phlean leasaithe maidir le méid chostais iomlána mheasta an phlean, tá an t-údar sin measartha (rátáil B) maidir lena réasúnta agus a inchreidte atá sé, tá sé i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(21) Cinneadh sa mheasúnú bunaidh go raibh costais mheasta curtha ar fáil ag an bPolainn i leith gach infheistíochta a áiríodh sa phlean. An t-údar arna sholáthar ag an bPolainn maidir le méid chostais iomlána mheasta an phlean, bhí sé go measartha réasúnta, inchreidte, i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta, agus i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

(22) Léiríonn an measúnú ar na meastacháin ar chostais na mbeart athbhreithnithe, bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil, go bhfuil na meastacháin ar chostais réasúnta agus inchreidte go ginearálta cé go léirítear san fhianaise leibhéil éagsúla sonraí agus doimhneacht na ríomhanna. I gcásanna áirithe, bhí teorainn leis na sonraí maidir leis an modheolaíocht agus na toimhdí a úsáideadh chun na meastacháin ar chostais a dhéanamh, i bpáirt mar gheall ar úrnuacht na mbeart, nó ní raibh siad chomh soiléir céanna, rud a chuireann bac ar rátáil A faoin gcritéar measúnaithe seo. Ina theannta sin, bhí údar cuí leis na hathruithe sna meastacháin ar chostais bearta leasaithe agus bhí siad comhréireach agus dá bhrí sin níor athraíodh réasúnaíocht agus inchreidteacht na meastachán sin ar chostais i gcomparáid leis an bplean bunaidh. Ar deireadh, tá méid chostais iomlána mheasta an phlean i gcomhréir le prionsabal na costéifeachtúlachta agus tá sé i gcomhréir leis an tionchar ionchasach náisiúnta eacnamaíoch agus sóisialta.

*Aon chritéar measúnaithe eile*

(23) Measann an Coimisiún nach ndéanann na leasuithe a chuir an Pholainn chun cinn difear don mheasúnú dearfach ar an bplean a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 i ndáil le hábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3), pointí (a), (b), (c), (d), (da), (db), (g), (h), (j) agus (k) de Rialachán (AE) 2021/241.

***Bearta lena dtacaítear le hoibríochtaí infheistíochta a rannchuidíonn le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP)***

(24) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6], mheas an Pholainn gur tionscadail tosaíochta iad na tionscadail sin ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu de bhun Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/795. Mheas an Pholainn, áfach, nach raibh aon tionscadal ar bronnadh Séala Ceannasachta air le cur san áireamh sa phlean leasaithe toisc nach gcumhdaítear leis na tionscadail ar bronnadh Séala Ceannasachta orthu na réimsí a ndearnadh a uas-scálú nó a cuireadh leis an bplean leis an athbhreithniú seo.

---

6 Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj)

***Measúnú dearfach***

(25) Tar éis an mheasúnaithe dhearfaigh ón gCoimisiún maidir leis an bplean leasaithe agus an toradh a bhí air, mar atá, go gcomhlíonann an plean na critéir mheasúnaithe a leagtar amach i Rialachán (AE) 2021/241, i gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart a leagan amach na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean leasaithe, na clocha míle, spriocanna agus táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas i bhfoirm tacaíochta airgeadais neamh-iníoctha le haghaidh chur chun feidhme an phlean leasaithe.

***Ranníocaíocht airgeadais***

(26) Is é EUR 59 818 167 234 costas iomlána mheasta phlean leasaithe na Polainne, méid is coibhéiseach le PLN 260 955 145 611 ag ráta tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh le haghaidh EUR-PLN an 3 Bealtaine 2021, ráta tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh le haghaidh EUR-PLN an 30 Aibreán 2024, agus ráta tagartha an Bhainc Ceannais Eorpaigh le haghaidh EUR-PLN an 30 Eanáir 2025. Na méideanna in euro dá dtagraítear sna tuairiscí ar na bearta agus ar na clocha míle agus na spriocanna comhfhreagracha, rinneadh iad a ríomh ar an mbonn céanna agus ba cheart measúnú a dhéanamh orthu agus é sin á chur san áireamh.

(27) Ós rud é go bhfuil méid chostas iomlána mheasta an phlean leasaithe níos airde ná an ranníocaíocht uasta airgeadais cothrom le dáta atá ar fáil don Pholainn, an ranníocaíocht airgeadais arna suí i gcomhréir le hAirteagal 4a de Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7] agus le hAirteagal 20(4) agus Airteagal 21a(6) de Rialachán (AE) 2021/241 arna leithdháileadh ar phlean leasaithe na Polainne, ba cheart gurb é EUR 25 276 853 716 an ranníocaíocht sin. Dá bhrí sin, níl aon athrú ar an ranníocaíocht airgeadais a chuirtear ar fáil don Pholainn.

***Iasachtaí***

(28) Níl aon athrú ar an tacaíocht iasachta a cuireadh ar fáil don Pholainn dar luach EUR 34 541 303 518.

(29) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a leasú dá réir sin. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 a ionadú go hiomlán,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

[7] Rialachán (AE) 2021/1755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Deireadh Fómhair 2021 lena mbunaítear an Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (IO L 357, 8.10.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1755/oj).

*Airteagal 1*

Dá bhrí sin, leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 17 Meitheamh 2022 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Polainne mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'*Airteagal 1*
*Formheas an mheasúnaithe ar an bplean téarnaimh agus athléimneachta*

Formheastar an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe na Polainne a rinneadh ar bhonn na gcritéar dá bhforáiltear in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. Leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta atá ann faoin bplean, na socruithe agus an t-amchlár i ndáil le faireachán a dhéanamh ar an bplean agus é a chur chun feidhme, lena n-áirítear na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a bhaineann le híoc na tacaíochta airgeadais neamh-inaisíoctha agus na clocha míle agus spriocanna breise a bhaineann le híoc na hiasachta, na táscairí ábhartha a bhaineann le comhlíonadh na clocha míle agus na spriocanna atá beartaithe, agus na socruithe maidir le rochtain iomlán ar na bunsonraí ábhartha a sholáthar don Choimisiún.';

(2) cuirtear an téacs a leagtar amachsan Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

*Airteagal 2*

Is chuig Poblacht na Polainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh in/sa …,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*